

NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY
OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDAITHE SEIMEASTAIR II, 2000-2001

AN DARA SCRÚDÚ OLLSCOILE I NDÁIN

TÍREOLAÍOCHT

TI 219 Géomoirfeolaíocht agus An Ceathru Ré

An tOllamh D. O Rathaille
Dr. J. McDonagh
An tOllamh Ulf Strohmayer

Am ceadaithe: 3 uair
Freagair 4 cheist

1. Imlínigh luach comhaimseartha na tíreolaíochta fhisiciúla fheidhmigh.
2. Déan measúnú criticiúil ar pháirt na módhanna dátaithe sa taighde Cheathartha.
3. Is mór an tionchar atá ag cineál carraige ar rilíf. Pléigh é seo ag tabhairt sampla de chineál amháin tírdhreacha atá faoi riail ag carraigeacha
4. Imlínigh go gonta forbairt stairiúil an Staidéir Cheathartha.
5. Cruthaíonn próiséasanna agus gnéithe na gcoinníolacha fuara neamhoighreata agus i gceantair ar imeall na n-oighearchlúideanna Pleisticéineacha tírdhreach sainiúil. Pléigh é seo le cabhair léaráidí agus samplaí.
6. Tá forbairt fhána ar cheann de na hábhair is conspóidí sa ghéomoirfeolaíocht. Imlínigh go gonta an tuiscint atá agat ar an ráiteas seo.
7. Is mór an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar an tírdhreach nádúrtha, ag cur athrú ar fhoirm agus ar phróiséas. Pléigh go hachomair an tuiscint a bhaineann tú as an ráiteas seo.
8. Tarlaíonn gach athrú i gcomhthéacs an tírdhreacha. Pléigh an ráiteas seo agus an bhaint atá aige le planáil agus bainistiú na forbartha.